Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Glactha, thar ceann Choiste Stiúrtha an Oireachtais

Síniú .....

Stiofán Ó Móráin
Cathaoirleach
Coiste Stiúrtha an Oireachtais

Dáta: 18 Meán Fómhair 2023

FOCLÓIRÍN TÉARMAÍOCHT A ÚSÁIDTEAR SAN RÁITEAS

An tOireachtas Ceanneagraíocht sa mhór-réimse *'Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus bunú gréasán'* is ea *An tOireachtas*, ceaptha ag Foras na Gaeilge ar 17 Eanáir 2014. I dtaca le daoine fásta atá fócas chlár oibre an mhór-réimse sin ach, de dheasca branda láidir sainiúil a bheith ag *An tOireachtas* sa mhórphobal agus féile ealaíne pobail a bheith á reáchtáil agus á fhorbairt ag *An tOireachtas* ó 1897 a chuimsíonn comórtais, imeachtaí agus ócáidí d'aoisghrúpaí faoi 18 bliana d'aois, tá *An tOireachtas* ag leanúint dá thiomantas do chur chun cinn na n-ealaíon dúchasacha trí Ghaeilge do dhaoine óga freisin.

Leanbh/Páiste/Duine Óg
Duine faoi bhun 18 bliain d'aois nach bhfuil nó nach raibh pósta (Tag: 2.1: Acht um Chúram Leanaí, 1991)

Criú an Oireachtais
Áirítear baill foirne, oibrithe deonacha, moltóirí, láithreoirí & fostaithe ócáideacha mar chuid de Chriú an Oireachtais sa Ráiteas seo.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí
Tuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí atá mar chaomhnóirí dlíthiúla an linbh.

An duine ábharta don Ráiteas
I gcás *An tOireachtas* tá an Teagmhálaí Ainmnithe ceaptha mar an duine ábharta chun críche an ráitis.

Tusla
Is í Tusla an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach in Éirinn atá freagrach as leanaí a choinneáil slán agus cosanta ó dhíobháil. Oibríonn oibrithe sóisialta Tusla le teaghlaigh agus le heagraíochtaí éagsúla nuair a bhíonn cúis imní i dtaca le leas, cosaint nó sábháilteacht linbh.

Gateway Teams/Social Trusts
Tá seirbhísí Gateway ar fáil do Theaghlaigh, Daoine Óga agus d'eagraíochtai a eagraíonn imeachtaí do dhaoine óga in cúig cheantar éagsúil i dTuaisceart Éireann. Tá oibrithe sóisialta sna 'Gateway Teams' ar fáil i gcás údar imní maidir le leas agus cosaint linbh.

Oifigigh Slánchumhdaithe
Is ionann seo agus an Duine Sainordaithe, an Teaghmálaí Ainmnithe agus an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe.

Duine Sainordaithe
Cuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine áirithe, an Duine Sainordaithe san áireamh, chun imníocha cosanta leanaí a thuairisciú chuig tairseacha sainithe nó os a gcionn do Tusla. I gcás *An tOireachtas* tá an nduine céanna ag comhlíonadh an róil seo agus an ról an Teagmhálaí Ainmnithe.

Teaghmálaí Ainmnithe
Tá an duine idirchaidrimh ainmnithe freagrach as a chinntiú go gcloífear le nósanna imeachta tuairiscithe laistigh den eagraíocht d'fhonn buarthaí i dtaca le leas agus cosaint leanaí a bheith curtha faoi bhráid Tusla chomh luath agus is féidir.

Leas-Teagmhálaí Ainmnithe
Muna bhfuil teacht ar Theagmhálaí Ainmnithe an Oireachtais nó i gcás coinbhleacht leasa beidh fáil ar an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe.

RÉAMHRÁ

Ceanneagraíocht sa mhór-réimse '*Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus bunú gréasán'* is ea An tOireachtas, ceaptha ag Foras na Gaeilge ar 17 Eanáir 2014. I dtaca le daoine fásta atá fócas chlár oibre an mhór-réimse sin ach, de dheasca branda láidir sainiúil a bheith ag **An tOireachtas** sa mhórphobal agus féile ealaíne pobail a bheith á reáchtáil agus á fhorbairt ag **An tOireachtas** ó 1897 a chuimsíonn comórtais, imeachtaí agus ócáidí d'aoisghrúpaí faoi 18 bliana d'aois, tá **An tOireachtas** ag leanúint dá thiomantas do chur chun cinn na n-ealaíon dúchasach trí Ghaeilge do dhaoine óga freisin.

Tosaíocht de chuid **An tOireachtas** is ea timpeallacht sábháilte a chur ar fáil ag imeachtaí na féile agus déanfaimid cúram de gach leanbh a bheidh rannpháirteach a choinneáil sábháilte ó dhíobháil chomh fada agus is féidir é. Féachaimid i gcónaí le leas gach leanbh a chosaint ag láithreacha imeachtaí na heagraíochta.

Sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo, faoi mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, sonraítear na himeachtaí de chuid **An tOireachtas** ag a mbíonn leanaí rannpháirteach agus na prionsabail agus nósanna imeachta a bhfuil aird á dtabhairt orthu chun críche dhualgas na heagraíocht i leith chumhdach na leanaí sin a chomhlíonadh.

Tacaíonn an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo le beartais agus nósanna imeachta eagraíochtúla eile, lena n-áirítear earcaíocht, sláinte agus sábháilteacht, comhdheiseanna, oiliúint, smacht, casaoid &rl. agus beidh gach beartas eagraíochtúil ag teacht leis an mbeartas um Chumhdach Leanaí.

Réitíodh ár Ráiteas um Chumhdach de réir na riachtanas reachtúil atá san *Acht um Thús Áite do Leanaí* 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017), an Ordú um Leanaí (TÉ) 1995 agus Cumhdach Leanaí Tusla: Treoir maidir le Beartas.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo, atá glactha ag agus a bhfuil tacaíocht faighte aige dó, ó Choiste Stiúrtha an Oireachtais, roimh 17 Meán Fómhair, 2025, nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athrú ábhartha a dhéanamh d'aon ghné a ndéanann an ráiteas tagairt di.

Tá Teagmhálaí Ainmnithe ceaptha mar an duine ábharta chun críche an ráitis seo ar ár son.

Máirín Nic Dhonnchadha
Ceannasaí
18 Meán Fómhair 2023

An tSeirbhís atá á soláthar ag An tOireachtas *do leanaí*

i) Reáchtálann An tOireachtas comórtais ardáin ag ár bhféile bhliantúil, Oireachtas na Samhna, gach bliain d'aoisghrúpaí éagsúla, agus ócáidí sóisialta, cultúir & caidrimh eile.

ii) Ag Oireachtas na Samhna agus ag ócáidí eile a eagraíonn **An tOireachtas** i rith na bliana, tugtar deis do dhreamanna eile, ina measc, Foras na Gaeilge, ceanneagraíochtaí eile, cuideachtaí cluichí, foilsitheoirí leabhar, complachtaí drámaíochta agus eile, imeachtaí agus ócáidí caidrimh, siamsaíochta agus spraoi a reáchtáil d'aoisghrúpaí éagsúla faoi 18 bliana d'aois chun réimse leathan agus éagsúlacht imeachtaí a bheith ar fáil don óige.

iii) Fáiltítear roimh theaghlaigh ag imeachtaí na féile agus sa lucht féachana ag comórtais taibhealaíon na ndaoine fásta.

iv) Tá sraitheanna imeachtaí eile a thagann faoi choimirce ***An tOireachtas*** mar a sonraítear i bPlean Bliana na hEagraíochta gach aon bhliain ag a bhfáiltítear roimh dhaoine faoi 18 mbliana d'aois, ina measc, teaghlaigh, daltaí scoile, ball ó chlubanna óige agus eile. I measc na n-imeachtaí sin tá Oíche Chultúir chomh maith le hócáidí, taispeántais, ceolchoirmeacha agus eile.

v) Áirítear baill foirne, oibrithe deonacha, moltóirí, láithreoirí & fostaithe ócáideacha agus conraitheoirí seibhíse mar chuid de Chriú an Oireachtais agus tá sé de dhualgas orthu cloí leis an Ráiteas agus na Nósanna Imeachta atá mar chuid den Ráiteas seo.

Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na gceanglas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (2017), agus *Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Polasaí, Nós agus Cleachtas* ó Tusla. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár gcuspóir leanaí a chumhdach agus iad ag glacadh rannpháirtíocht inár gcuid imeachtaí:

- **Duine Sainordaithe, Teagmhálaí Ainmnithe agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe a cheapadh agus oilúint a chur ar fáil dóibh**

- **Modh Tuairiscithe maidir le himní cosaint leanaí nó leasa a thuairisciú d'údaráis reachtúla**

- **Próiseas chun déileáil le líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair de chuid Chriú an Oireachtais i gcoinne linbh a bheidh rannpháirteach inár gcuid imeachtaí.**

- **Earcaíocht shábháilte ball foirne/oibrithe deonacha a bheidh ag obair le leanaí nó gar dóibh.**

- **Ráiteas Rúndachta**

- **Taifid um Chosaint Leanaí a bhainistiú**

- **Riachtanais taifeada agus ghrianghrafadóireachta**

- **Déileáil le Timpistí agus Teagmhais**

- **Nós imeachta chun liosta de na daoine, más ann dóibh, atá sainordaithe sa tseirbhís ábhartha a choinneáil.**

Cód Cleachtais

Comhlíonfaidh Criú an Oireachtais na dea-chleachtais seo chun críche dualgas na heagraíochta i dtaca le Cumhdach Leanaí a chomhlíonadh:

- Tús áite a thabhairt do leas agus do shábháilteacht an linbh i gcónaí.
- Caifear go cothrom le gach leanbh le meas agus le dínit agus ní léireofar fabhraíocht.
- Meas a léiriú ar spás pearsanta an linbh.
- Aon ábhair imní nó eachtraí maidir le cumhdach a thuairisciú láithreach don Duine Teagmhála Ainmnithe **agus i gcás** údar réasúnta imní déanfar é seo a thuairisciú chuig Tusla/Gateway Teams gan aon mhoill
- Meas a leiriú i gcónaí ar thuairimí leanaí
- Seachnófar a bheith in aonar le leanbh ag aon am.
- Beifear airdeallach i gcónaí i mbun cumarsáide le leanaí go n-úsáidfear caint shoiléir, chuí.
- Léireofar tuiscint ar theorainneacha linbh a bheidh ag déileáil le fadhb(anna), fisiciúla nó eile.
- Sonrófar gach céim den teagmháil idir baill foirne / oibrithe deonach agus leanaí go soiléir.
- Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do leanaí agus beidh an t-aiseolas a thabharfar dóibh cuiditheach i gcónaí.
- Coinneofar taifead scríofa de ghortú ar bith a bhainfeadh do leanbh, chomh maith le sonraí faoi aon chóir leighis a chuirfí air/uirthi.
- Cinnteofar go bhfuil cainéil shoiléire chumarsáide oscailte agus go ndéileáilfear le haon ábhar imní ó thuismitheoir/chomhneoir/leanbh go pras
- Ní cheadófar do leanbh a bheith ar chúl stáitse gan tuismitheoir/caomhnóir a bheith in éineacht leis/léi seachas i gcásanna a mbeidh Seomra Glas curtha ar fáil, a bheidh faoi chúram Bainisteora a bheidh ceaptha ag **An tOireachtas**.
- Tá sé de dhualgas ar chuideachtaí a bheidh ag soláthar seirbhísí do dhaoine óga ag Oireachtas na Samhna agus ag imeachtaí eile de chuid an Oireachtais, a gcuid polasaithe, ráitis agus nósanna imeachta um chumhdach leanaí a chur ar fáil don Teagmhálaí Ainmnithe.

Meabhraítear do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí go bhfuil an dualgas orthu a chinntiú go bhfuil na leanaí atá faoina gcúram slán sábháilte nuair a bheidh siad ag freastal ar imeachtaí an Oireachtais, imeachtaí do dhaoine fásta san áireamh.

Measúnú Riosca

Rinneamar measúnú ar aon fhéidearthacht ina bhféadfaí díobháil a dhéanamh do leanbh agus é/í ag baint leasa as ár seirbhísí. Seo thíos liosta de na réimsí riosca a aithníodh agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.

	Riosca arna aithint	**Nós imeachta i bhfeidhm chun an riosca arna aithint a bhainistiú**	**Feidhmiú**
1	**Easpa eolais faoin Ráiteas seo nó faoi threoir i dtaca le tuairisciú faoi ábhar imní a bhaineann le cosaint nó leas linbh chuig Tusla agus/nó HSC Trusts/Gateway Team (TÉ)**	Tá **An tOireachtas** tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis seo agus chuige sin tá Oifigigh Slánchumhdaithe - Duine Sainordaithe, Teagmhálaí Ainmnithe & Leas-Teagmhálaí Ainmnithe - ceaptha ag an Oireachtas lenár ndualgais um chumhdach leanaí a chomhlíonadh agus modhanna tuairiscithe a threoiriú.	**OIFIGEACH SAINORDAITHE & TEAGMHÁLAÍ AINMNITHE** Louise Ní Dháibhéid Fón +353 87 1005439 louise@antoireachtas.ie **LEAS-TEAGMHÁLAÍ AINMNITHE** **Emer Nic Labhraí** **Tel +353 9445836** **emer@antoireachtas.ie**
2	**Díobháil do leanbh le linn di/dó a bheith rannpháirteach i gComórtais Taibhealaíon an Oireachtais**	Rialacha curtha ar fáil roimh ré agus ráiteas deimhnithe faighte ó thuismitheoir / chaomhnóir mar chuid den fhoirm iontrála ag cur in iúl go bhfuil na rialacha sin léite agus tuigthe aige/aici. Meabhrú do thuismitheoirí & do chaomhnóirí faoin dualgas atá orthu cúram a dhéanamh dá leanaí agus iad ag freastal ar ócáidí an Oireachtais.	**Nasc chuig Foirm Iarratais & Rialacha** https://shorturl.at/oqD27
3	**Deimhniú go bhfuil polasaithe, ráitis agus nósanna imeachta um chumhdach leanaí ag cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine óga mar chuid d'imeachtaí an Oireachtais.**	Riachtanas go gcuirfidh cuideachtaí an t-eolas seo ar fáil sula gceadaófar a gcuid seirbhísí ag an Oireachtas.	**DEIMHNIU AR FÁIL Ó: TEAGMHÁLAÍ AINMNITHE** Louise Ní Dháibhéid Fón +353 87 1005439 louise@antoireachtas.ie
4	**Díobháil do leanbh le linn di/dó a bheith rannpháirteach in imeachtaí teaghlaigh nó in imeachtaí a bheidh eagraithe ag conraitheoirí/eagraíochtaí eile**	Ráiteas um Chumhdach Leanaí na heagraíochta a bheidh ag reáchtáil an imeachtaí/na n-imeachtaí a lorg agus a choimeád	**RÁITEAS LE SEOLADH CHUIG** Louise Ní Dháibhéid Fón +353 87 1005439 louise@antoireachtas.ie

5	**Díobháil do pháiste le linn di/dó a bheith ag aon cheann d'imeachtaí an Oireachtais**	Meabhrú do thuismitheoirí & do chaomhnóirí faoin dualgas atá orthu cúram a dhéanamh de leanaí dá gcuid a fhreastalaíonn ar ócáidí an Oireachtais.	**Tá Aguisín 3: Cód Cleachtais le fáil ar ár suíomh faoi: Oireachtas na Samhna Ráiteas Um Chumhdach Leanaí** **Tá Aguisín 1: Modh Tuairiscithe le fáil ar ár suíomh faoi: Oireachtas na Samhna Ráiteas Um Chumhdach Leanaí** **Tá Aguisín 2: Foirmeacha Tuairisce le fáil ar ár suíomh faoi: Oireachtas na Samhna Ráiteas Um Chumdach Leanaí** **Tá Augisín 5: Teagmhálaithe DO HSC Gateway Teams & Tusla le fáil ar ár suíomh faoi: Oireachtas na Samhna Ráiteas Um Chumhdach Leanaí**

6	**Mí-Úsáid ar Pháistí a aithint**	Sainmhinithe ar chineálacha áirithe mí-úsáid leanaí mar chuid den Ráiteas seo agus eolas maidir le comharthaí mí-úsáide clúdaithe go mion mar chuid den Cheardlann Um Chumhdach Leanaí.	**Tá na sainmhínithe (Aguisín 4) le fáil ar ár suíomh faoi: Oireachtas na Samhna Ráiteas Um Chumhdach Leanaí** **Traenáil déanta le Criú an Oireachtais ar na dátaí seo: 30 & 31 Deireadh Fómhair 2023**
7	**Líomhaintí i gcoinne Baill Foirne nó Oibrithe Dheonacha**	Sa chás go ndéanfar líomhaintí i gcoinne baill foirne nó oibrithe dheonacha leanfar an nós imeachta atá soiléirithe san Ráiteas seo	**Tá Aguisín 6 le fáil ar ár suíomh faoi: Oireachtas na Samhna Ráiteas Um Chumhdach Leanaí**
8	**Baill foirne agus oibrithe deonacha gan bunoiliúint ar chumhdach leanaí acu**	Ceardlanna ionduchtaithe um Chumhdach Leanaí mar aon le seisiún eolais ar líne a chur ar fáil do Chriú an Oireachtais	**Dualgas ar Chriú an Oireachtais freastal ar Cheardlann Eolais um Chumhdach Leanaí gach dara bliain**
9	**Slánearcaíocht i dtaca le baill foirne agus oibrithe deonacha an Oireachtais**	Dearbhú ar Ghrinnfhiosrúchán agus/nó Deimhniú um Oiriúnachta le síniú ag gach duine de Chriú an Oireachtais roimh ré, ag brath ar an ról atá acu.	**Deimhniú maidir le Dearbhú ar Ghrinnfhiosruchán agus an Deimhniú um Oiriúnachta le bailiú ag an Teagmhálaí Ainmnithe sula leagfar dualgais ar bhaill Criú.**
10	**Grianghrafadóireacht agus Taifead ag imeachtaí an Oireachtais**	Beidh rialacha i bhfeidhm maidir le grianghrafadóireacht agus taifead ag imeachtaí an Oireachtais	**Nasc chuig polasaí Grianghrafadóireachta agus Taifeada ag imeachtaí an Oireachtais** https://shorturl.at/bFJY6

Cur i bhFeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é seo. Tá **An tOireachtas** tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo agus na nósanna imeachta a thacaíonn leis a chur i bhfeidhm chun leanaí a choimeád sábháilte ó dhíobháil agus iad rannpháirteach ar gcuid imeachtaí.

Tá na hOifigigh Slánchumhdaithe seo a leanas ceaptha ag an Oireachtas mar chuid den Ráiteas seo:

DUINE SAINORDAITHE & TEAGMHÁLAÍ AINMNITHE	**LEAS-TEAGMHÁLAÍ AINMNITHE**
Louise Ní Dháibhéid Tel +353 87 1005439 louise@antoireachtas.ie	Emer Nic Labhraí Tel +353 9445836 emer@antoireachtas.ie